cecde
Centre for Early Childhood Development & Education

An Lárionad um Fhorbairt
agus Oideachas na Luath-Óige

An Cás ar son an tSúgartha

Giota d'obair ar siúl

Le Carmel Brennan

NDP NATIONAL DEVELOPMENT PLAN

D·I·T Dublin Institute of Technology
Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath

Coláiste Phádraig Droim Conrach

'Díreach ag súgradh'. Freagra é seo ar an oiread sin fiosrúchán síos fríd na blianta, freagra atá go fóill ag múscailt spéise i ndaoine. Bíonn daoine agus ainmhithe araon ag súgradh. Is feiniméan uilíoch é agus go fóill féin, tá baol ann go ndiúltófar dó agus go gcuirfear faoi chois é i gcomhthéacsanna athraitheacha na hóige Éireannaí. Nuair a bhogann leanaí Éireannacha amach as saol príobháideach an teaghlaigh isteach in institiúidí poiblí ina roinntear an cúram, athraíonn a gcomhthéacs súgartha. D'ainneoin na n-imleabhar a scríobhadh ar an ábhar le linn an fhichiú aois agus d'ainneoin na múnlaí agus treoirlínte a chuirtear i láthair, is dúshlán mór i seirbhísí luath-óige é cleachtadh an tsúgartha mar go bhféachtar air ar bhealach amháin mar rud giodamach nach dtáirgeann mórán ó thaobh na foghlama de, agus ar bhealach eile mar go mbíonn sé deacair ag daoine fásta é a choinneáil faoi smacht agus a bhainistiú i suímh de ghrúpaí móra.

Is éard atá i gceist leis an staidéar go dtí seo ná athbhreithniú ar chuid den chorpas ollmhór litríochta faoi shúgradh leanaí atá ann agus is í atá mar aidhm aige ná cur síos agus luacháil a dhéanamh ar pheirspictíochtaí teoiriciúla, dearcadh an taighdeora a shoiléiriú, bearnaí sa taighde a aithint agus cuidiú chun ceist thaighde a dhíriú.

Aithníonn Rubin et al (1983) trí chur chuige i leith an súgradh a shainmhíniú: (1) cur chuige méine síceolaíochta a fhéachann chun an súgradh a shonrú le hais iompraíochtaí eile (2) catagóirí inbhreathnaithe iompair sa súgradh agus (3) i dtéarmaí na gcomhthéacsanna a spreagann súgradh. Ag baint úsáide as an rangú sin, léiríonn an t-athbhreithniú forbairt an tsainmhínithe agus tuiscint ar an súgradh agus áiríonn sé an t-aistriú ó dhearcadh forbraíochta a bhaineann le céimeanna, go dtí an dearcadh go mbíonn éifeacht dhifriúil ag próisis fhorbraíochta ag brath ar an gcomhthéacs cultúrtha agus sóisialta agus go mbíonn éifeacht dhifriúil ag na comhthéacsanna éagsúla ag brath ar thréithe indibhidiúla.

Sa súgradh, téann leanbh isteach i 'bpobal cleachtais' (Lave agus Wenger 1999) agus bíonn sé mar phrintíseach (Rogoff 1998) sa phobal sin, ag éirí níos sciliúla trína rannpháirtíocht. I suímh luath-óige, bíonn an leanbh rannpháirteach i bpobal an lucht chur i gcéill agus foghlaimíonn sé na hiompraíochtaí, na scileanna agus na meoin atá mar chuid den phobal sin. Foghlaimeoidh leanaí faoi chomhoibriú nó iomaíocht más cuid den phobal sin iad nó má bhíonn siad ábhartha. Foghlaimeoidh leanaí faoin litearthacht má chleachtaítear sa phobal sin é. Beidh leanaí cruthaiteach más sin a éilíonn an ghníomhaíocht. Is é an ghníomhaíocht shóisialta a shocraíonn an t-iompar oiriúnach, Whiting (1980)

Cuireann Vivian Gussin Paley (1997) ina luí orainn nach mór dúinn staidéar a dhéanamh ar an súgradh má táimid le bheith mar fhíorchosantóirí a phoitéinsil iomláin. Deir Sutton Smith (1997) linn go gcaithfimid staidéar a dhéanamh ar (1) an súgradh ó pheirspictíocht na súgarthóirí (2) conas an fheidhmíonn an súgradh agus (3) céard iad na feidhmeanna a bhfreastalaíonn an súgradh orthu. Arna ghlacadh an chomhairle sin ar bord agus d'fhonn an grinnstaidéar seo a chúngú, aithníonn an t-athbhreithniú an fhantasaíocht nó an súgradh drámatúil i suímh luath-óige mar an réimse is mó spéise, agus ról an tsúgartha i bhforbairt chaidreamh agus scileanna rannpháirtíochta pobail go háirithe. D'fhéadfadh taighde amach anseo nasc a dhéanamh leis an gCreatlach do LuathFhoghlaim (Cumann Náisiúnta na Naíolann do Leanaí 2004) agus machnamh a dhéanamh ar an dóigh a thacaíonn súgradh drámatúil le forbairt chéannacht leanaí, a muintearas agus a rannpháirtíocht sa phobal.